# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2021

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*




# *Scéim Mharcála agus Freagraí Samplacha*

**(Tá glacadh le freagraí eile atá bailí agus déantar iad a mharcáil dá réir sín)**

## CEIST A-1

**MARCANNA**

**(a) Teilgean Peirspictíochta na Fáinne Dornálaíochta *(14)***

(i) Teilgean peirspictíochta chuaille na fáinne .......................................................... 3

(ii) Teilgean peirspictíochta chosaint an chúinne..........................................................4

(iii) Teilgean peirspictíochta na rópaí .................................................................................3

(iv) Teilgean peirspictíochta na bíse rige .......................................................................2

(v) Teilgean peirspictíochta an ardáin ardaithe a chríochnú .........................................2

**(b) Teilgean Peirspictíochta na gCéimeanna *(6)***

(vi) Ardú gach céime a dhéanamh amach .......................................................................2

(vii) Snáithe gach céime a bhunú........................................................................................2

(viii) Teilgean peirspictíochta na gcéimeanna a chríochnú...............................................2

***Iomlán = 20***

## CEIST A-2

**MARCANNA**

**(a) Suíomh na rinne agus pointí breise agus cuar a tharraingt *(17)***

(i) Suíomh na rinne ..........................................................................................4

(ii) Suíomh an 2 phointe lasmuigh den latus rectum .....................................................4

(iii) Suíomh na 3 phointe laistigh den latus rectum .......................................................6

(iv) Cuar a tharraingt …. (aon cheann ar bith = 1) ........................................................3

**(b) Tadhall leis an gcuar a tharraingt ag P *(3)***

(v) Tadhall leis an gcuar a tharraing ag pointe **P** ..........................................................3

***Iomlán = 20***

## CEIST A-3

**MARCANNA**

**(a) Uillinn dhéhéidreach idir na plánaí ABC agus ABD *(16)***

(i) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe **AB** ..................................................2

(ii) Teilgin na bplánaí **ABC** agus **ABD** sa 1ú chló cúnta ..............................................4

(iii) $X_2Y_2$ ingearach go AB (sa chló cúnta) ......................................................................4

(iv) Teilgin na bplánaí **ABC** agus **ABD** (ciumhaischló) ar $X_2Y_2$ .................................4

(v) Aimsiú na huillinne déhéidrí riachtanaí ..................................................................2

**(b) An fhíoruillinn idir línte BN agus CN a aimsiú *(4)***

(vi) Tógáil riachtanach le fíorchruth dhromchla thriantán BCN a aimsiú .....................3

(vii) An fhíoruillinn riachtanach idir línte BN agus CN a aithint ...................................1

***Iomlán = 20***

## CEIST A-4

**MARCANNA**

**(a) An tIngearchló a chríochnú *(16)***

(i) Na pointí treá ar imill chothrománacha an phriosma pheinteagánaigh a aimsiú ....4

(ii) Modh cuí a úsáid le pointí ar dhromchlaí claonta a aimsiú.....................................2

(iii) Pointí treá ar imill an phriosma dhronuilleogaigh a aimsiú ....................................4

(iv) Na pointí treá lena n-áirítear an sonra ceilte a cheangal .........................................4

(v) An t-ingearchló lena n-áirítear an sonra ceilte a chríochnú ...................................2

**(b) Fíorchruth Dhromchla A a tharraingt *(4)***

(vi) An modh cuí a úsáid chun an fíorchruth a aimsiú ...................................................1

(vii) Reanna cearta a dhéanamh amach.............................................................................2

(viii) Fíorchruth dhromchla A a tharraingt .......................................................................1

***Iomlán = 20***

# CEIST B-1

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló agus Taobhchló mar a thugtar *(33)***

(i) Imlíne dhronuilleogach riachtanach do thacaíochtaí & don chuar **ABC** a bhunú ...**4**

(ii) Tógáil chun pointí ar an bparabóil **ABC** san ingearchló a aimsiú ........................**10**

(iii) Cuar a Tharraingt …. (Aon cheann ar bith = 1) .....................................................**3**

(iv) Bonn an droichid agus 'cáblaí teannais' a tharraingt .............................................**4**

(v) Tacaíochtaí an droichid a chríochnú.......................................................................**4**

(vi) Imlíne den Taobhchló a tharraingt..........................................................................**4**

(vii) An Taobhchló a chríochnú (lena n-áirítear 'baill trasna)........................................**4**

**(b) An bonnchló a thugtar a theilg *(20)***

(viii) Teilgin chun pointí ar an gcuar parabóileach uachtair mar a thugtar a aimsiú ........**5**

(ix) Scáthánú go dtí an cuar íochtair .............................................................................**3**

(x) Cuair a Tharraingt ... (Aon cheann ar bith = 1) ......................................................**3**

(xi) Bonn an droichid, 'cáblaí teannais' agus 'baill trasna' a tharraingt ........................**3**

(xii) Teilgin chun tacaíochtaí droichid a dhéanamh amach ... ........................................**4**

(xiii) Tacaíochtaí an droichid a chríochnú .......................................................................**2**

**(c) Fíorchruth don chuar ABC a dhéanamh amach *(7)***

(xiv) Céimniú **ABC** sa Taobhchló ....................................................................................**2**

(xv) Teilgin chun pointí ar an bhfíorchruth don chuar **ABC** a dhéanamh amach...........**3**

(xvi) Fíorchruth ceart a tharraingt ....................................................................................**2**

***Iomlán = 60***

# CEIST B-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló agus Bonnchló na bplánaí trasnacha ABC, ABD agus BDE *(15)***

(i) Na comhordanáidí a thugtar a úsáid chun ingearchló ABC, ABD agus BDE a tharraingt ........................................ **8**

(ii) Na comhordanáidí a thugtar a úsáid chun bonnchló ABC, ABD agus BDE a tharraingt ........................................ **7**

**(b) Uillinn Dhéhéidreach idir na plánaí ABC agus ABD *(18)***

(iii) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe AB ........................ **4**

(iv) Teilgean na bplánaí agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ nua ........................ **4**

(v) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne thrasnaithe ........................ **5**

(vi) Teilgean na bplánaí mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl........................ **5**

**(c) Teilgin líne EP agus Claonadh go HP a tharraingt *(11)***

(vii) EP comhthreomhar le AC san ingearchló a tharraingt ........................ **3**

(viii) EP comhthreomhar le AC sa bhonnchló a dhéanamh amach ........................ **3**

(ix) Claonadh EP go HP a dhéanamh amach ........................ **5**

**(d) Teilgin AFC a chríochnú *(16)***

(x) Stua 70mm sa bhonnchló ó A a tharraingt chun suíomh F a aimsiú ........................ **3**

(xi) Fíorfhad CF (80mm) sa suíomh sa bhonnchló a dhéanamh amach ........................ **5**

(xii) Suíomh phointe F sa bhonnchló agus san ingearchló a dhéanamh amach ........................ **5**

(xiii) Teilgin chearta an phlána ACF a chríochnú ........................ **3**

***Iomlán = 60***

# CEIST B-3

**MARCANNA**

**(a) Aiseanna aismhéadracha agus an triantán corrshleasach *(8)***

(i) Na haiseanna aismhéadracha Y agus Z a tharraingt sa treoshuíomh a thaispeántar (1,1) .................... **2**

(ii) An triantán corrshleasach 'abc' (2,1,1) a tharraingt .................... **4**

(iii) Ais X a tharraingt .................... **2**

**(b) An tIngearchló, an Taobhchló agus an Teilgean Trímhéadrach a tharraingt *(44)***

(iv) An plána XY a fhorbairt i gceart sa treoshuíomh riachtanach .................... **4**

(v) An t-ingearchló a tharraingt mar a thugtar .................... **4**

(vi) An plána YZ a fhorbairt i gceart sa treoshuíomh riachtanach .................... **4**

(vii) An taobhchló a tharraingt mar a thugtar .................... **6**

(viii) Teilgin ón ingearchló agus ón mbonnchló (2,2) .................... **4**

(ix) Teilgean aismhéadrach bharr agus eangach an tábla a tharraingt .................... **5**

(x) Pointí ar chuair sa chló aismhéadrach a dhéanamh amach .................... **8**

(xi) Cuair a tharraingt.................... **5**

(xii) Tacaíochtaí bharr an tábla a tharraingt .................... **4**

**(c) Fíorfhad an Trasnáin *(8)***

(xiii) Fíorchruth bharr an tábla a tharraingt.................... **5**

(xiv) An trasnán a tharraingt chun an fíorfhad a dhéanamh amach .................... **3**

***Iomlán = 60***

# CEIST C-1

**MARCANNA**

**(a) Oibreacha talún ar an gcuid chuartha de bhruach na habhann *(40)***

***Oibreacha talún ar an gcuid chuartha idir A agus B (Leibhéalta) - Claífort***

(i) Stuanna comhthreomhara a tharraingt 7.5mm óna chéile........................................**5**

(ii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt ..........................**4**

***Oibreacha talún ar an gcuid chuartha idir A agus B (Leibhéalta) - Gearradh***

(iii) Stuanna comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile.........................................**5**

(iv) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuair a tharraingt ..................**4**

***Oibreacha talún idir B agus C (Leibhéalta) – Gearradh***

(v) Líne chomhthreomhar 10mm óna chéile .................................................................**3**

(vi) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt ..........................**1**

***Oibreacha talún idir C agus D (claífort atá ag titim)***

(vii) Stua riachtanach 7.5mm a tharraingt ag **C** agus tadhall a tharraingt ......................**3**

(viii) Línte comhthreomhara a tharraingt 7.5mm óna chéile ............................................**5**

(ix) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt ..........................**3**

***Oibreacha talún idir C agus D (gearradh atá ag titim)***

(x) Stua riachtanach 10mm a tharraingt ag **D** agus tadhall a tharraingt .......................**3**

(xi) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile .............................................**3**

(xii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shonrú agus cuar a tharraingt ..........................**1**

**(b) Treoíocht, Claonas agus Tiús an Strataim *(20)***

(xiii) Pointí $P_h$, $Q_h$ agus $R_h$ a aimsiú san ingearchló agus triantán a tharraingt ................**4**

(xiv) Pointí $P_h$ agus $Q_h$ a aimsiú sa bhonnchló agus triantán a tharraingt .........................**4**

(xv) An líne Treoíochta a dhéanamh amach....................................................................**4**

(xvi) Uillinn an Chlaonais a dhéanamh amach.................................................................**4**

(xvii) Tiús an Strataim a dhéanamh amach ... ..................................................................**4**

***Iomlán = 60***

## CEIST C-2

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló riachtanach an struchtúir pharabólóidigh hipearbólóidigh a tharraingt *(26)***

(i) Mór-ais agus mion-ais an eilips a dhéanamh amach ..............................................**4**

(ii) Tógáil le pointí a aimsiú ar an éilips..........................................................................**8**

(iii) Cuar éilipseach a tharraingt sa bhonnchló …… (Aon cheann ar bith = 1) .............**3**

(iv) Bonnchló na n-eilimintí imlíneacha (an comhthreomharán ABCD) a tharraingt....**5**

(v) Na heilimintí istigh atá sínte sa dá threo a tharraingt .............................................**6**

**(b) Ingearchló riachtanach an leagain amach a tharraingt *(22)***

(vi) Ingearchló na n-eilimintí imlíneacha comhfhreagracha a tharraingt ......................**3**

(vii) Na heilimintí istigh a tharraingt san ingearchló .....................................................**3**

(viii) Tógáil chun an cuar uachtair san ingearchló a aimsiú ...........................................**6**

(ix) Tógáil leis an bpointe P a aimsiú sa bhonnchló......................................................**4**

(x) An cuar íochtair a tharraingt san ingearchló …… (Aon cheann ar bith = 1)...........**3**

(xi) An cuar uachtair a tharraingt san ingearchló…… (Aon cheann ar bith = 1) ..........**3**

**(c) Cuaire an dromchla feadh an phlána ghearrtha ingearaigh a chuimsíonn B agus D *(12)***

(xii) Líne lena gceanglaítear B agus D sa bhonnchló .....................................................**2**

(xiii) Teilgin ó na línte trasnaithe leis na heilimintí sa bhonnchló go dtí an cló cúnta nó go dtí an taobhchló.........................................................................................**3**

(xiv) Airdí sa chló cúnta nó sa taobhchló a dhéanamh amach .........................................**4**

(xv) An chuaire riachtanach a tharraingt .....(Aon cheann ar bith = 1) ..........................**3**

***Iomlán = 60***

# CEIST C-3

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus Ingearchló na ndromchlaí A, B, C agus D a tharraingt *(18)***

(i) Bonnchló na ndromchlaí A, B, C agus D a tharraingt ........................................ **10**

(ii) Ingearchló na ndromchlaí A, B, C agus D a tharraingt........................................ **8**

**(b) Uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí A agus B *(20)***

(iii) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe ........................................ **4**

(iv) Teilgean dhromchlaí A agus B agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ **nua** .................... **5**

(v) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne thrasnaithe ........................................ **5**

(vi) Teilgean na ndromchlaí mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl............ **6**

**(c) Tarraing Forbairt Dromchla aon phíosa de Dhromchlaí C agus D *(12)***

(vii) Fíorchruth dhromchla ceartingearach **D** a aimsiú ........................................**4**

(viii) Fíorchruth dhromchla fiar **C** a aimsiú ........................................**5**

(ix) Forbairt aon phíosa a tharraingt ........................................**3**

**(d) Teilgin líne PQ a tharraingt *(10)***

(x) Treoshuíomh ceart líne PQ sa bhonnchló a aimsiú........................................**5**

(xi) Teilgin líne PQ a aimsiú ........................................**5**

***Iomlán = 60***

# CEIST C-4

**MARCANNA**

**(a) Cion Bhís Airciméidéas agus Lócas Phointe C a dhéanamh amach** ***(30)***

(i) An líne mar a thugtar a tharraing ($LL_1$, Roth, Géag AB agus Scipe) ......................**7**

(ii) Líne $AB_1$ a tharraingt ........................................................................................**3**

(iii) Íosmhéid 5 líne roinnte uilleacha a dhéanamh amach (30˚) ...................................**3**

(iv) Gathanna idirmheánacha comhfhreagracha a bhunú ar línte roinnte uilleacha .......**4**

(v) Bís Airciméidéas a tharraingt trí na pointí riachtanacha (Aon cheann ar bith = 1) .**3**

(vi) Líne BC a tharraingt.........................................................................................**1**

(vii) Pointí ar lócas C a dhéanamh amach ......................................................................**5**

(viii) An lócas riachtanach a tharraingt...............................................................................**4**

**(b) Próifíl den Cheam agus Léaráid Díláithriúcháin** ***(30)***

(ix) Ceamsheafta, dhá stua chiorclacha agus líne mar a thugtar a tharraingt ................**3**

(x) An ciorcal a roinnt ina 12 chuid chothroma...........................................................**3**

(xi) Ranna cothrománacha 15mm agus líne ceartingearacha ar an léaráid díláithriúcháin............................................................................................................**3**

(xii) Airdí sa léaráid díláithriúcháin ó 0° go 180° a dhéanamh amach ..........................**4**

(xiii) Cuar 'Ardú' a tarraingt.........................................................................................**2**

(xiv) 'Titim' agus 'Fosadh' ceart a tharraingt ................................................................**5**

(xv) Tógáil leis an ngluaisne shimplí armónach a aimsiú (7 ar a laghad, pointí deiridh san áireamh) ........................................................................................................**4**

(xvi) Cuar na gluaisne simplí armónaí a tharraingt … (ceann ar bith = 1)......................**3**

(xvii) Próifíl an cheama a chríochnú...................................................................................**3**

***Iomlán = 60***

# CEIST C-5

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló Gearrtha *(60)***

***Cóimeáil (6)***

(i) Suíomh na bpáirteanna i gcoibhneas lena chéile ....................................................**6**

**Príomhchabhail *(19)***

(ii) Lár ceart 5 stua a aimsiú ......................................................................................**6**

(iii) Pointí teagmhála a aimsiú ......................................................................................**3**

(iv) Imlíne na Príomhchabhlach a chríochnú..................................................................**6**

(v) Sonra inmheánach na Príomhchabhlach ....................................................................**4**

**Giall Clampála *(14)***

(vi) Lár 4 stua a aimsiú ................................................................................................**6**

(vii) Pointí teagmhála a aimsiú ......................................................................................**2**

(viii) Imlíne an Ghéill Clampála a chríochnú ....................................................................**3**

(ix) Sonra inmheánach an Ghéill Clampála.......................................................................**3**

**Cúpláil Chlampa/Stoda M8 *(3)***

(x) Imlíne den Chúpláil Chlampa/Stoda M8 .....................................................................**2**

(xi) Cúpláil Chlampa/Stoda M8 a chríochnú.....................................................................**1**

**Cnó Clampála Géill/Niteoir *(4)***

(xii) Imlíne den Chnó Clampála Géill/Niteoir....................................................................**3**

(xiii) An Cnó Clampála Géill/Niteoir a chríochnú ..............................................................**1**

***Sclóin Cheamara (4)***

(xiv) Imlíne den tSclóin Cheamara..................................................................................**3**

(xv) Sonra inmheánach na Slóine Ceamara.......................................................................**1**

***Glaschnó GoPro agus Stoda M6 (4)***

(xvi) Glaschnó GoPro .....................................................................................................**2**

(xvii) Stoda M6...............................................................................................................**2**

***An líníocht a chríochnú (6)***

(xviii) Cur i láthair, haitseáil agus lárlínte ......................................................................**6**


***Iomlán = 60***

# ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Sa ghrafaic 3T, taispeántar fáinne dornálaíochta mar aon le céimeanna. Taispeántar thíos líníocht neamhchríochnaithe pheirspictíochta den fháinne agus céimeanna. Tugtar suíomh líne na talún agus suíomhanna dhá phointe téaltaithe.

**(a)** Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den fháinne dornálaíochta.


**(b)** Tá na céimeanna ar chomhairde. Críochnaigh líníocht pheirspictíochta na gcéimeanna.





**A-3.** San íomhá thíos taispeántar ian amóiniam a bhfuil cruth teitrihéadráin rialta air. Tá adamh Nitrigine suite i lár an teitrihéadráin agus tá ceithre adamh Hidrigine suite ag na reanna.
Sa líníocht taispeántar na teilgin de theitrihéadrán rialta **ABCD** agus a lár **N**.

**(a)** Aimsigh an uilinn dhéhéidreach idir na plánaí **ABC** and **ABD**.

**(b)** Aimsigh an fhíoruilinn idir na línte **BN** and **CN**.







**A-2.** San íomhá thíos, taispeántar Túr Spinnaker in Portsmouth. Ar áireamh sa dearadh tá dhá hipearbóil. Sa líníocht ar dheis, taispeántar ais **AA₁**, treoirlíne **DD₁**, fócas **F** agus líne éalárnach **E** de hipearbóil atá cosúil leis. Tugtar dhá phointe ar an gcuar.

**(a)** Aimsigh suíomh na rinne, cúig phointe eile ar an gcuar, agus tarraing an chuid uachtarach den hipearbóil.

**(b)** Tarraing tadhlaí leis an gcuar ag pointe **P**.







**A-4.** San íomhá thíos, taispeántar dearadh tí nua-aimseartha atá bunaithe ar phriosmaí trasnacha.


Sa líníocht taispeántar an bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe de struchtúr atá cosúil leis ina bhfuil priosma peinteagánach atá trasnaithe ag priosma dronuilleogach barrscoite.

Tugtar cló pictiúrtha de na solaid thrasnacha.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló, agus taispeáin na línte idirthreáite go léir.


**(b)** Aimsigh fíorchruth dhromchla **A**.










**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**


B
A
C
X
Y
A
C
B
Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal
Scéim Mharcála
Ceist B-1
Scála: n/a
Meith. 2021


| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist B-2 |
| Scála: n/a | Meith 2021 |







| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-3 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2021 |


| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-1 | |
| Scála: n/a | Meith. 2021 |




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| --- | --- | --- |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-2 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2021 |




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-3 | |
| Scála: n/a | Meith. 2021 |






| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-4 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2021 |



| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-5 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2021 |

*Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## Tasc an Scoláire - Ardleibhéal

### Bileog Mheasúnachta 2021

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúduimhir an Iarrthóra** | |

| Aschur | Critéir Mharcála | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Comparáid idir Taighde Dearaidh & Gnéithe Dearaidh** | | | | |
| | Príomhghnéithe dearaidh a fhiosrú trí bhuntaighde & taighde tánaisteach a úsáid; Grafaicí iomchuí a roghnú; dhá íomhá oiriúnacha a roghnú; Príomhthoisí a chur isteach; Comparáid idir na príomhghnéithe dearaidh; Codarsnacht idir na príomhghnéithe dearaidh; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair na faisnéise ina bhfuil íomhánna, sceitsí & nótaí | **30** | | | |
| 2 | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe** | | | | |
| | Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | **20** | | | |
| 3 | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht** agus **comhaid eDrawings** | | | | |
| | **Cloí leis an struchtúr comhdaithe riachtanach** | **35** | 4 | | |
| | **5 chomhad de na Páirteanna ar a laghad a chruthú** | | 2 | | |
| | **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach, barainneacht dearaidh agus cuspóir an dearaidh san áireamh; Na próifílí is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú/coinníollacha deiridh den chineál ceart a úsáid | | 15 | | |
| | **Toisc deacrachta/Cuspóir an dearaidh** | | 5 | | |
| | **Cóimeáil** – Cruthú na cóimeála; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt chun críche | | 7 | | |
| | **eDrawing den tsamhail CAD** | | 2 | | |
| 4 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks** | | | | |
| | Clónna mionsonraithe ortagrafacha den déantán roghnaithe; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthoisí, nótaí agus siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | **15** | | | |
| 5 | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh** | | | | |
| | Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an eolas ina bhfuil híomhánna, sceitsí & nótaí | **25** | | | |
| 6 | **Mionathrú ar an Dearadh/Dearadh an Choincheapa a Chur i Láthair** | | | | |
| | Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | **10** | | | |
| 7 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks** | | | | |
| | Samhail CAD, toisc deacrachta/cuspóir an dearaidh | **25** | 10 | | |
| | Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á mholadh; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Íomhá fhótairéalaíoch; Na príomhthoisí, nótaí, siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | 15 | | |
| | | | | **Fo-iomlán** | |
| | | | | **Marcanna bainte i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | |
| | | | | **Iomlán an Taisc** | |